# Scéal, Scéal, Scéal...

## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige






**Instagram: @pleanteangachoisfharraige**
**Twitter: @PleanTeangaCF**
**Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige**

28 Bealtaine 2020

## TREALAMH COSANTA

Mar is eol dúinn, tá éileamh mór ar mhascanna na laethanta seo. Seo a leanas siopaí áitiúla gur féidir iad a cheannach iontu:

**Spar**, Ros a' Mhíl (091 572 132)
**Cogaslann an Bhreathnaigh**, An Spidéal (091 553 201)
**Centra**, An Spidéal (091 553 240)
**Siopa Phroinsiais**, An Spidéal (091 553 728)



Agus, féar plé do Chaoimhe de Búrca, An tSraith Saileach, a rinne beagnach 200 masc a bhronn sí orthu siúd atá ag obair chun tosaigh in eagraíochtaí deonacha áitiúla ar nós Tearmann Éanna agus Bruach na Mara. Maith thú, a Chaoimhe!

Treoirlínte an Rialtais ar mhascanna: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/8d7b23-none/

## SLUA LE BUA 2020

Fógraíodh an tseachtain seo go bhfuil comórtas tallainne, ar líne, *Slua le Bua*, á reáchtáil ag Coláiste na bhFiann i mbliana. Tá an comórtas oscailte do dhaoine le Gaeilge, idir 12-18 mbliana d'aois. Tá duaiseanna iontacha ar fáil don chéad, dara agus tríú háit. Glacfar le hiarratais suas go dtí Dé hAoine, 19ú Meitheamh 2020 agus is féidir tuilleadh eolais a fháil ag an suíomh idirlín: www.cnb.ie, nó ar a gcuntas Facebook: @ColnabhF.




Beir bua!

## POST SA BHFÓRAM!

Aithníonn an Fóram go bhfuil bearnaí móra sa soláthar a déantar ar óige Chois Fharraige. Chuige sin, tá oifigeach cúnta le cúram ar leith don óige le ceapadh. Beidh an tOifigeach Cúnta seo ag obair i gcomhar le Katie Ní Loingsigh, an tOifigeach Pleanála Teanga, le tacú le gníomhaíochtaí agus le himeachtaí óige go háirid. Bheadh eolas agus taithí ar earnáil na hóige go háitiúil agus go náisiúnta agus rannpháirtíocht in imeachtaí óige mar bhuntáiste ag aon duine a chuirfeadh isteach ar an bpost. Ní mór don té sin ardchaighdeán Gaeilge, idir labhairt agus scríobh a bheith aige/aici dar ndóigh, chomh maith le cleachtadh ar a bheith ag obair i bpáirt le daoine eile le tograí a chur i gcrích. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag 086-2732279 nó scríobh chuig ptchoisfharraige@gmail.com
Spriocdháta: 12 Meitheamh '20.

## CEARDLANN SCRÍBHNEOIREACHTA

Tá ceardlanna scríbhneoireachta á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta**. Darach Mac Con Iomaire a bheas ina bhun. Cuirfear tús leis na ceardlanna ar an gCéadaoin 3ú Meitheamh. Déagóirí idir 12-18 mbliana spriocphobal an togra seo, ach roinnfear na rannpháirtithe i ngrúpaí de réir aoise. Ar *Zúm* a bheas siad ar bun. Ceithre seachtaine atá i gceist agus tá sé saor in aisce. Deis iontach atá ann taithí a fháil i réimse na scríbhneoireachta agus scéalaíochta. Tapaigh an deis! Eolas ar fáil ó Thuismitheoirí na Gaeltachta (091869571)

## RANG BEAG SCRÍBHNEOIREACHTA

Tá Rang Beag Scríbhneoireachta faoi choimirce **Chló Iar-Chonnacht** le hÁine Durkin, file agus údar Mise Áine. Chuile sheachtain, beidh ceacht i gceird na scríbhneoireachta á eisiúint ar YouTube: Cló Iar-Chonnacht.




## 'SAOL ELLA'

Tuairiscíodh le deireanaí go bhfuil pleananna sa tsiúl do shraith drámaíochta nua do dhaoine óga a bheas á chraoladh ar TG4 an bhliain seo chugainn. Comhghairdeachas ollmhór le Ailbhe Nic Giolla Bhrighde agus Gemma Breathnach, as Cois Fharraige, údair *Saol Ella*. Alt iomlán agus tuilleadh eolais ar fáil ar: Thuairisc.ie

## TEACH LE CHÉILE

Tá sraith fhíseáin beo, *Teach le Chéile* á chraoladh ag Gael Linn, chuile Déardaoin @ 6i.n. ar leathanach Facebook Gael Linn agus ar leathanach Facebook Molscéal. Tabharfar cuairt ar amhránaithe, ar scéalaithe agus ar cheoltóirí, ag bogadh ó theach go teach chuile sheachtain. Coinnigh súil ar shuíomh idirlín Gael Linn (www.gael-linn.ie), do na fógraí is deireanaí.

## GO RAIBH MAITH AGAIBH

Tháinig pobal Chois Fharraige le chéile le deireanaí, ar líne, in éineacht le cairde ar fud an domhain, chun buíochas a ghabháil leo siúd atá ag obair chun tosaigh le linn na géarchéime. Deis iontach a bhí ann aitheantas a thabhairt d'ár gcomrádaithe atá ag obair go dian, ag dul i ngleic le deacrachtaí ár linne. Seoladh an togra buíochais ar na meáin shóisialta, áit a raibh pictiúir próifíle maisithe le fráma speisialta á thaispeáint mar shiombail buíochais. Dhear Diarmuid Russell, atá ina chónaí sa Spidéal (Facebook: @potiongraphics) an íomhá a thaispeánann ionadaithe éagsúla i mbun oibre i rith aimsir na paindéime. Scaipeadh an fráma i bhfad is i ngearr agus tá ag éirí go hiontach leis fós.

## *NEART AGUS NÓTA*

D'fhógair Ealaín na Gaeltachta *Cuisle* le déanaí. Mar chuid den thogra, seoladh *Neart* agus *Nóta*, dhá scéim mhaoinithe don scoil bhliain 2020/21, ceann do scoileanna agus ceann dírithe ar imeachtaí taobh amuigh den scoil. Tacú leis na healaíona dúchasacha agus iad a fhorbairt is ea aidhm do *Neart*. Cuirfear maoiniú ar fáil do chláir agus ranganna éagsúla a dhíríonn ar amhránaíocht, damhsa, ceol agus ealaín béil. Glacfar le hiarratais suas go dtí Dé hAoine, 29/5. Bealtaine.
Díríonn *Nóta* ar an óige i réimse na healaíona dúchasacha taobh amuigh den chóras oideachais foirmeálta. Níl aon spriocdháta leis an togra seo. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an suíomh idirlín: www.ealain.ie

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...




Tháinig scríbhneoirí, foilsitheoirí agus Áine Ní Ghlinn Laureate na nÓg nua-cheaptha í féin fiú amháin, le chéile le deireanaí le comhghairdeachas a dhéanamh le daltaí Rang a Sé. Guíodh gach rath orthu don saol nua atá rompu agus iad ag glacadh céimbhreise anois ar an turas oideachais. Cuardaigh: "Teachtaireachtaí do Rang 6"

Má tá sos ón scáileán uait, is iomaí podchraoladh iontach atá ar fáil na laethata seo. An tseachtain seo, pléitear Comórtas Peile na Gaeltachta ar ***An Spota Dubh*** (Soundcloud: An Spota Dubh) agus filleann cailíní ***Bheo ar Éigean*** (RTÉ: Beo ar Éigean)ar an bhfiántas!








Íomhá de mhuintir Chois Fharraige páirteach sa bhfeachtas buíochais leis na Limistéir Pleanála Teanga eile.



Seisiún Ceoil Tigh Pheadair Mhóir: ar siúl, ar líne, chuile sheachtain. Cuirtear fáilte roimh chách le taitneamh a bhaint as an gceol agus as an gcomhluadar. Tosaíonn an seisiún ag 21:30 chuile Déardaoin. Tuilleadh eolais le fáil ar Facebook.




Cluichí, leabhair agus áiseanna ionadúla ar fáil ar líne ó www.udar.ie. Nó glaoigh ar 046 943 0974




**Má tá eolas agat ar ghníomhaíochtaí nó acmhainní ar mhian leat iad a fhógairt anseo, déan teagmháil le Katie ar 083 010 6294 nó is féidir r-phost a sheoladh chuici: optchoisfharraige@gmail.com**

## SEIRBHÍSÍ EAGLASTA

Bíonn aifreann á chraoladh ar líne i séipéil Chois Fharraige le linn na géarchéime seo.

**Na Forbacha**
091 590 956
Luan - hAoine 9:30r.n.
Dé Sathairn: 6:30i.n.
Domhnach: Meánlae

**Paróiste an Spidéil**
091 553 155
Luan - hAoine 10:00r.n.
Dé Sathairn: 6:00i.n.
Domhnach: 11:00r.n.

**Paróiste an Chnoic**
091 593 122
Máirt - Déardaoin
An Paidrín Páirteach
12:00r.n.
Dé Sathairn: 7:30i.n.
Domhnach: 11:00r.n.